Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Márta 2024**
**(OR. en)**

**6690/1/24**
**REV 1**

**POLGEN 41**
**ECOFIN 205**
**EMPL 63**
**SOC 114**
**COMPET 183**
**MI 184**
**ENV 187**
**IND 89**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Seimeastar Eorpach 2024<br>– Tuarascáil sintéise |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an Tuarascáil Sintéise a d'ullmhaigh an Uachtaránacht maidir leis na conclúidí a ghlac an Chomhairle i ndáil le Suirbhé Bliantúil 2024 don Fhás Inbhuanaithe, an Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh, an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht agus an Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro. Léirítear sa doiciméad freisin an plé a rinneadh i bhfoirmíochtaí éagsúla na Comhairle maidir le Seimeastar Eorpach 2024, le linn na chéad chéime den timthriall.

Cúlra

An 21 Samhain 2023, ghlac an Coimisiún 'Pacáiste an Fhómhair' do Sheimeastar Eorpach 2024, ina raibh an méid seo a leanas:

– Suirbhé Bliantúil 2024 don Fhás Inbhuanaithe[1], ina leagtar amach tosaíochtaí an Aontais Eorpaigh don bheartas eacnamaíoch agus fostaíochta do thréimhse idir 12 mhí agus 18 mí ina dhiaidh sin, i gcomhréir leis na ceithre ghné den inbhuanaitheacht iomaíoch;

– Tuarascáil 2024 maidir leis an Sásra Foláirimh[2], lenar cuireadh tús leis an mbabhta bliantúil den nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha, agus a bhfuil a cur chun feidhme leabaithe sa Seimeastar Eorpach;

– an togra le haghaidh Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht[3], ina ndearnadh measúnú ar athléimneacht mhargadh saothair an Aontais, inar leagadh béim ar réimsí ina ndearnadh dul chun cinn, agus ar réimsí inar gá feabhsuithe a dhéanamh;

– an moladh le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro[4] (moladh maidir leis an limistéar euro) inar moladh, don tréimhse 2024 go 2025, gur cheart do Bhallstáit an limistéir euro gníomhú, ina n-aonar agus i dteannta a chéile, laistigh den Ghrúpa Euro.

[1] 15627/23
[2] 15628/23
[3] 15438/23 + ADD1
[4] 15630/23

Sa **Suirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe** (SBFI), leagtar amach tosaíochtaí an Aontais don bheartas eacnamaíoch agus fostaíochta go ceann 12 mhí go 18 mí ón uair a eisítear é. Cuirtear treoirlínte ar fáil sa doiciméad chun iomaíochas an Aontais a neartú tríd an aistriú glas agus tríd an aistriú digiteach. Ba ar réamhaisnéis eacnamaíoch an Fhómhair ón gCoimisiún i mí na Samhna 2023 a bhí an dearcadh eacnamaíoch a cuireadh i láthair sa suirbhé bunaithe[5], réamhaisnéis inar léiríodh go raibh geilleagar na hEorpa ag fás ar ráta níos moille, ós rud é gur bheag comhartha fáis a bhí san fhíor-OTI sna chéad trí ráithe de 2023 (tháinig fás 0.6 % ar OTI san Aontas agus sa limistéar euro araon in 2023).

Rinneadh tagairt sa Suirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe do dhúshláin struchtúracha thábhachtacha – mar atá an fás íseal táirgiúlachta, an t-aosú agus an cuimsiú sóisialta – nach mór dul i ngleic leo má táthar chun an t-iomaíochas inbhuanaithe a bhaint amach. Léirigh na himeachtaí geopholaitiúla suaiteacha a thit amach freisin gur gá don Aontas leanúint de bheith iomaíoch sa mhargadh domhanda, agus a áirithiú ag an am céanna nach bhfágfar aon duine ar lár. Le comhordú an bheartais eacnamaíoch tríd an Seimeastar Eorpach, tacaítear leis na Ballstáit agus iad ag dul i ngleic leis na dúshláin sin trí threoir bheartais shoiléir dhea-chomhordaithe a chur ar fáil don bhliain dár gcionn.

Dhírigh an Suirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe freisin ar chomhtháthú leanúnach na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta sa Seimeastar Eorpach chun infheistíocht a dhíriú ar réimsí ina bhfuil gá le hathchóiriú.

[5] European Economic Forecast Autumn 2023 [Réamhaisnéis Eacnamaíoch na hEorpa, Fómhar 2023]

An 16 Eanáir 2024, d'fhormheas Comhairle ECOFIN **conclúidí maidir le Suirbhé Bliantúil 2024 don Fhás Inbhuanaithe**[6]. D'aithin na hairí go bhfuil méadú tagtha ar éiginnteacht agus ar na rioscaí ar an taobh thíos maidir leis an ionchas eacnamaíoch sna míonna roimhe sin, go príomha mar gheall ar theannais gheopholaitiúla agus a n-impleachtaí siúd ar luaineacht na margaí fuinnimh, ach meastar go dtiocfaidh téarnamh san fhás de réir a chéile in 2024, agus an margadh saothair láidir agus an próiseas díbhoilscitheach leanúnach mar thaca leis.

D'aontaigh an Chomhairle, tríd is tríd, leis na dúshláin agus tosaíochtaí eacnamaíocha a leagtar amach sa Suirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe. Leag sí béim ar a thábhachtaí atá sé go ndéanfaí gníomhaíochtaí beartais tapa comhordaithe chun iomaíochas agus athléimneacht gheilleagar an Aontais a neartú, agus aghaidh á tabhairt ar na dúshláin a bheidh ann amach anseo, go háirithe i ndáil leis an aistriú glas agus an aistriú digiteach agus an daonra a bheith ag dul in aois.

Thug na hairí dá n-aire go leanfaidh an Seimeastar Eorpach in 2024 de bheith nasctha le cur chun feidhme na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus go n-áiritheofar comhlántacht na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí le hionstraimí cistiúcháin eile den Aontas. Ba cheart go leanfadh an Seimeastar Eorpach de bheith dírithe go príomha ar bheartais eacnamaíocha, fhioscacha agus fostaíochta, lena n-áirítear dúshláin athchóirithe agus infheistíochta nár tugadh aghaidh orthu sna pleananna téarnaimh agus athléimneachta, agus forluí a sheachaint idir na sruthanna oibre éagsúla faireachais.

[6] 5476/24

Sna conclúidí uaithi an 16 Eanáir 2024, i ndáil le **Tuarascáil 2024 maidir leis an Sásra Foláirimh**[7], chomhaontaigh an Chomhairle, ina theannta sin, leis an measúnú ar an doiciméad maidir le héabhlóid na míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha agus na rioscaí atá ag teacht chun cinn. D'iarr na hairí go ndéanfaí an Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha a chur chun feidhme ar bhealach éifeachtúil agus é a chomhtháthú níos fearr sa chreat rialachais eacnamaíoch agus thagair siad dá riachtanaí atá sé faireachán a dhéanamh ar na míchothromaíochtaí atá ann faoi láthair agus a d'fhéadfadh teacht chun cinn, agus go dtabharfaí freagairt bheartais thráthúil, lena n-áirítear athchóirithe ábhartha a chur chun feidhme mar a mholtar sna moltaí tírshonracha i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, agus mar a áirítear sna pleananna téarnaimh agus athléimneachta.

I n**dréachtmholadh 2024 ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro**[8], moladh do na Ballstáit clabhsúr a chur leis na bearta tacaíochta fuinnimh éigeandála a luaithe is féidir le linn na bliana reatha agus an coigilteas gaolmhar a úsáid chun easnaimh a laghdú. Ba cheart do gheilleagair an limistéir euro a áirithiú go ndéanfar na pleananna téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme ar bhealach leanúnach, tapa, éifeachtach, agus úsáid iomlán á baint as cláir beartais comhtháthaithe agus ba cheart a bharántú go gcuirfear san áireamh ina n-athbhreithniú meántéarma na dúshláin agus na moltaí nua a sainaithníodh sa Seimeastar Eorpach agus an dul chun cinn atá déanta maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme, gan a n-uaillmhian fhoriomlán a laghdú.

[7] 5477/24
[8] 5025/24

Maidir leis na gnéithe fostaíochta agus sóisialta[9] den **dréachtmholadh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro**, moladh do na Ballstáit tacú le forbairtí pá lena maolaítear caillteanas na cumhachta ceannaigh, go háirithe i gcás oibrithe ar ioncam íseal, agus rioscaí maidir le boilsciú agus dinimicí iomaíochais á gcur san áireamh mar is cuí, agus dibhéirseachtaí fadmharthanacha a sheachaint sa limistéar euro. Ba cheart dóibh beartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair a chur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair agus scileanna agus chun táirgiúlacht agus fás a mhéadú, agus córais cosanta sóisialta agus cuimsithe shóisialta oiriúnacha agus inbhuanaithe á gcoimirciú agus á neartú.

Ba cheart an **Moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro** a ghlacadh tar éis do Chomhairle Eorpach an 21 agus an 22 Márta 2024 é a fhormhuiniú.

An 11 Márta 2024, ghlac Comhairle EPSCO **Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2024**[10] (JER)**.** Cuireadh i láthair sa doiciméad staid na fostaíochta san Aontas Eorpach agus cur chun feidhme na dTreoirlínte Fostaíochta. Sainaithníodh sa tuarascáil freisin na príomhréimsí tosaíochta gaolmhara le haghaidh gníomhaíocht beartais. Athdhearbhaíonn Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2024 go bhfuiltear ag díriú ar chur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Déantar faireachán ar dhul chun cinn i dtreo phríomhspriocanna 2030 an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna, agus laghdú na bochtaineachta, rud ba dhíol sásaimh do cheannairí an Aontais in Porto[11] agus don Chomhairle Eorpach i mí an Mheithimh 2021[12].

[9] 5146/24
[10] 6073/24
[11] Dearbhú Porto
[12] Conclúidí ón gComhairle Eorpach, an 24 agus an 25 Meitheamh 2021

Le linn an chruinnithe chéanna, d'fhormheas an Chomhairle **Conclúidí maidir leis an Suirbhé Bliantúil 2024 don Fhás Inbhuanaithe agus an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht**[13]. Sa doiciméad, d'iarr an Chomhairle ar na Ballstáit go mbeadh tosaíochtaí an tSuirbhé Bhliantúil don Fhás Inbhuanaithe agus torthaí na Tuarascála Comhpháirtí ar Fhostaíocht le feiceáil ina gCláir Náisiúnta um Athchóiriú agus go gcuirfidís dlús le cur chun feidhme phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta chun príomhspriocanna an Aontais agus na spriocanna náisiúnta do 2030 a bhaint amach. D'iarr sí freisin ar na Ballstáit leanúint de na córais cosanta sóisialta agus cuimsithe shóisialta a nuachóiriú agus aghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht agus ar an eisiamh sóisialta, go háirithe i measc leanaí, agus i bhfianaise an aistrithe dhigitigh agus an aistrithe ghlais, na dtreochtaí déimeagrafacha, thionchar an bhoilscithe ard ar an gcumhacht cheannaigh, go háirithe ar theaghlaigh leochaileacha, agus leibhéal méadaitheach na bochtaineachta fuinnimh.

**Seisiún tuairimíochta agus díospóireacht bheartais**

An 27 Samhain 2023, bhí díospóireacht bheartais ag Comhairle **EPSCO** maidir leis an gcómhargáil ghlas, i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh. Thug roinnt Ballstát dá n-aire nach raibh an chómhargáil ghlas ach ag céim thosaigh i roinnt tíortha san Aontas ach d'admhaigh siad go bhféadfadh sí éirí níos suntasaí amach anseo. Cuireadh fáilte roimh chomh-mhalartú taithí agus dea-chleachtas idir na Ballstáit maidir le margáil ghlas. Tá gá le cothroime shóisialta agus cosaint oibrithe, chomh maith le hoiliúint, uas-sciliú agus athsciliú, agus ní mór dóibh sin a bheith ag freagairt do na cineálacha nua post faoi chuimsiú an aistrithe ghlais, dá dtagraíonn roinnt Ballstát. Ba cheart do na comhpháirtithe sóisialta a bheith rannpháirteach sa dul i ngleic le hiarmhairtí an aistrithe ghlais i gcreat an idirphlé shóisialta.

[13] 6791/1/24 + COR 1

An 8 Nollaig 2023, bhí seisiún tuairimíochta ag Comhairle **ECOFIN** maidir leis an Seimeastar Eorpach, tar éis don Choimisiún pacáiste an fhómhair a chur i láthair. Leagtar amach sa Suirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe na tosaíochtaí beartais eacnamaíoch agus fostaíochta atá ag an Aontas; an Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh, lena dtionscnaítear an babhta bliantúil de na nósanna imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha; an moladh maidir leis an limistéar euro ina dtugtar moltaí do Bhallstáit an limistéir euro i ndáil le beartais a mbíonn tionchar acu ar fheidhmiú an limistéir euro ina iomláine.

An 11 Márta 2024, bhí díospóireacht bheartais ag Comhairle **EPSCO** maidir le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh agus an chláir oibre shóisialta a bheidh ann amach anseo, d'fhonn tosaíochtaí beartais a leagan síos don chéad timthriall reachtach eile. D'aithin go leor Ballstát gur ceann de phríomhéachtaí an Aontais é Colún Eorpach na gCeart Sóisialta agus mheas siad gur cheart go bhfanfadh sé mar threoir beartais shóisialta don chéad timthriall beartais eile. I measc na ndúshlán, thagair na Ballstáit don oiriúnú don dá aistriú agus don bhearna scileanna a leanann as sin, do threochtaí déimeagrafacha/aosú an daonra, don ghá atá le cothromaíocht mhaith oibre is saoil a áirithiú.

Le 'glasú an tSeimeastair Eorpaigh', ar próiseas é a tharlaíonn de ghnáth faoi chuimsiú chomhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle **Comhshaoil**, rinneadh iniúchadh de réir a chéile ar bhealaí chun gnéithe inbhuanaitheachta comhshaoil a thabhairt isteach sa Seimeastar Eorpach, rud a rannchuidíonn le sineirgí a aimsiú leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus le cuspóirí tosaíochta an 8ú Clár Gníomhaíochta don Chomhshaol. An 1 Márta 2024, trí chomhairliúchán neamhfhoirmiúil i scríbhinn maidir le gnéithe comhshaoil an tSeimeastair Eorpaigh, leag na Ballstáit béim ar an ngá atá le cumasóirí eacnamaíocha trasearnálacha a rannchuidíonn leis an aistriú chuig córais inbhuanaithe tomhaltais agus táirgthe a shaothrú, le haghaidh a thabhairt ar chailliúint na bithéagsúlachta agus le nuálaíocht i dteicneolaíochtaí glasa a chothú.

***

Agus an ghné Pharlaiminteach den Seimeastar Eorpach á haithint di, d'eagraigh an Uachtaránacht, i gcomhar le Parlaimint na hEorpa, Seachtain Pharlaiminteach an tSeimeastair Eorpaigh 2024[14] (an 12 agus an 13 Feabhra 2024) maidir le peirspictíocht na Parlaiminte i dtaca le rialachas eacnamaíoch an Aontais agus ghlac sí páirt i ndíospóireacht chomhpháirteach Pharlaimint na hEorpa maidir leis an Seimeastar Eorpach (an 13 Márta 2024).

---

[14] Seachtain Pharlaiminteach Eorpach | Parlaimint na hEorpa (europa.eu)